# IARRATAS AR THACAÍOCHT TITHÍOCHTA SÓISIALTA
# CHUIG COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

## TÁBHACHTACH

## LÉIGH AN T-EOLAS SEO A LEANAS GO CÚRAMACH LE DO THOIL

1. Mura bhfuiltear cinnte conas aon cheist a fhreagairt san fhoirm iarratais seo, iarr ar oifigeach i Rannóg Tithíochta de chuid d'Údaráis Áitiúil nó d'Ionaid Eolais do Shaoránaigh áitiúil cabhrú leat le do thoil.

2. Ag líonadh na foirme seo, déan cinnte de go scríobhann tú go soiléir ionas gur féidir d'iarratas a phróiseáil chomh tapa agus is féidir.

3. Cinntigh go mbíonn na ceisteanna uile a bhaineann leat freagartha go hiomlán. Mura bhfreagraítear na ceisteanna uile a bhaineann leat go hiomlán, d'fhéadfaí nach gcuirfí tú in ord tosaíochta ceart le haghaidh tithíochta nó d'fhéadfadh go mbeadh orainn an fhoirm a sheoladh ar ais chugat agus chuirfeadh sin moill ar d'iarratas. Ní dhéanfar próiseáil ach ar iarratais atá comhlánaithe go hiomlán.

4. Ní féidir an t-iarratas seo a chomhlánú gan Uimhreacha PSP do gach duine den teaghlach a áirítear ar an bhfoirm iarratais. Mura bhfuil Uimhireacha PSP ar eolas agat d'aon pháiste a bhfuil an chóiríocht á lorg dó/di, is féidir iad a fháil trí theagmháil a dhéanamh le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil ar an nguthán nó go pearsanta. Tabhair faoi deara le do thoil go mbeidh ort d'Uimhir PSP féin a bheith in aice láimhe agat.

5. Caithfidh tú an doiciméadúchán tacaíochta is iomchuí a sholáthar ionas gur féidir d'iarratas a phróiseáil. Bain úsáid as an seicliosta a chuirtear ar fáil le do thoil lena chinntiú go bhfuil gach rud is gá chun d'iarratas a mheas san áireamh.

6. Ní féidir an t-iarratas seo a chomhlánú gan fianaise dhoiciméadach ar shonraí ioncaim a thugtar san iarratas seo. I gcás iarratasóirí atá fostaithe nó féinfhostaithe, is féidir léi seo a bheith i bhforim P60 don bhliain chánach roimhe seo, ceithre dhuillín pá ar a laghad as na sé dhuillín pá is déanaí a eisíodh nó íosmhéid de 2 bhliain de chuntais. I gcás iarratasóirí atá ag fáil íocaíochta leasa shóisialaigh, tá ráiteas ón Roinn Coimirce Sóisialaí ag teastáil. Iarr ar d' údarás tithíochta le do thoil cén fhoirm fianaise atá ag teastáil uathu.

7. D'fhéadfadh an t-údarás tithíochta eolas a lorg agus a ghnóthú ó údarás tithíochta eile, ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, ón nGarda Síochána, ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó ó chomhlacht tithíochta faofa maidir le háititheoirí nó áititheoirí ionchais de, nó iarratasóirí ar, thithíocht údaráis áitiúil, agus duine ar bith eile a cheapann an t-údarás atá i mbun iompair frithshóisialta.

8. Caithfear aon athrú ar na sonraí a thugtar, go háirithe aon athrú ar sheoladh nó ar ioncam, a chur in iúl don údarás tithíochta láithreach bonn ionas gur féidir do thaifead a nuashonrú.

9. Cinntigh le do thoil go bhfuil gach eolas iomchuí agus doiciméadúchán tacaíochta curtha ar fáil chun d'iarratas a phróiseáil. Bí ar an eolas, áfach, go bhféadfaidh an t-údarás tithíochta doiciméadúchán tacaíochta breise a iarradh ag tráth níos déanaí.

**[i] [Cuir isteach ainm an údaráis tithíochta]**

**TÁBHACHTACH**

**LÉIGH AN T-EOLAS SEO A LEANAS GO CÚRAMACH LE DO THOIL**

10. Ní féidir ach iarratas a dhéanamh ar údarás tithíochta amháin chun tacaíocht tithíochta sóisialta a fháil. Féadfaidh an t-údarás seo a bheith in ionannas leis na húdaráis seo a leanas
    - An t-údarás tithíochta don limistéar ina gcónaíonn do theaghlach de ghnáth, <u>nó</u>
    - An t-údarás tithíochta don limistéar lean bhfuil ceangal áitiúil ag do theaghlach, <u>nó</u>
    - An t-údarás tithíochta a aontaíonn, dá rogha féin, measúnú a dhéanamh ar do theaghlach do thacaíocht tithíochta sóisialta má dhéanann tú iarratas air.

11. Nuair a bhítear á chinneadh an bhfuil ceangal áitiúil ag teaghlach lena limistéar, tabharfaidh an t-údarás tithíochta aird ar na nithe seo a leanas:
    - an raibh cónaí ag tráth ar bith ar bhall de do theaghlach sa limistéar áirithe ar feadh tréimhse leanúnaí 5 bliana; nó
    - An bhfuil áit fostaíochta aon bhall teaghlaigh sa limistéar áirithe nó an bhfuil sí suite laistigh de 15 ciliméadar ón limistéar; nó
    - An bhfuil ball teaghlaigh in oideachas lánaimseartha in aon ollscoil, coláiste, scoil nó foras oideachais eile sa limistéar áirithe; nó
    - An bhfuil aon bhall teaghlaigh a bhfuil lagú fisiceach, céadfach, intinne nó intleachta acu ag freastal ar fhoras oideachais nó leighis sa limistéar áirithe ina bhfuil saoráidí nó seirbhísí a bhaineann go sonrach le lagú den sórt sin, nó
    - An bhfuil cónaí ar ghaol le haon bhall teaghlaigh sa limistéar áirithe agus an bhfuil cónaí ar an ngaol ann ar feadh tréimhse de 2 bhliain ar a laghad.

12. Ba chóir duit 'Neamhbhainteach' nó '[N/B]' a mharcáil ar chodanna nach mbaineann leat ná le do theaghlach.

**D'FHÉADFAÍ IONCHÚISEAMH A DHÉANAMH MAR THORADH AR EOLAS BRÉAGACH NÓ MÍTHREORACH**

**MÁ BHÍONN A THUILLEADH SONRAÍ AG TEASTÁIL UAIT DÉAN TEAGMHÁIL LE D'OIFIG TITHÍOCHTA ÁITIÚIL**

| | | |
|---|---|---|
| **Oifigí Comhairle:** | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Teil: (01) 222 2201 |
| | Rannóg Leithdháiltí Tithíóchta | |
| | Óifigí na Cathrach | |
| | An Ché Adhmaid | |
| | Baile Átha Cliath 8 | |

[ii] [Cuir isteach sonraí teagmhála an údaráis tithíochta]

## IARRATAS AR THACAÍOCHT TITHÍOCHTA SÓISIALTA

## SEICLIOSTA D'IARRATASÓIRÍ

**Moltar go láidir d'iarratasóirí a n-iarratais a chur faoi bhráid na hoifige seo go pearsanta toisc gur minic nach mbíonn iarratais a sheoltar tríd an bpost comhlánaithe i gceart agus caitear iad a sheoladh ar ais.**

**Cinntigh le do thoil go n-áirítear an doiciméadúchán bunaidh seo a leanas [bíonn aistriúchán oifigiúil go Gaeilge nó go Béarla ag teastáil, nuair is cuí] le d'iarratas:**

Foirm iarratais atá comhlánaithe go hiomlán [dearbhuithe sínithe san áireamh] ☐

Aitheantas fótagrafach [pas nó ceadúnas tiomána Éireannach reatha] ☐

Teastais bhreithe do gach ball teaghlaigh ☐

Uimhreacha PSP do gach ball teaghlaigh ☐

Teastais phósta do gach iarratasóir, nuair is infheidhmithe ☐

Cruthúnas seolta reatha [bille fóntais, léas nó ráiteas cíosa] – don chéilí/pháirtí araon, nuair is Infheidhmithe ☐

Cruthúnas saoránachta nó cead cónaithe in Éirinn ☐
[Nuair is infheidhmithe, ba cheart fianaise go raibh Stampa 4 de chuid Formhuinithe Stampa Inimirce ar phas le haghaidh tréimhse 5 bliana a sholáthar.]

Fianaise ioncaim [déan socrú le do thoil chun an Deimhniú Ioncaim atá ceangailte leis seo a chomhlánú] ☐

*Fostaithe*

- P60 atá cothrom le dáta agus/nó íosmhéid 4 dhuillín pá ar a laghad as na 6 dhuillín pá is déanaí a eisíodh ☐

*Féinfhostaithe*

- (i) íosmhéid de 2 bhliain de chuntais le Tuarascáil Iniúchóra, nó ☐
- (ii) Tuarascáil Iniúchóra mar aon le ráiteas comhardaithe cánach atá cothrom le dáta agus fáltas réamhchánach ☐

*Ioncam Leasa Shóisialaigh*

- Ráiteas a eisíodh le déanaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar na sochair árachais shóisialaigh agus na híocaíochtaí cúnaimh shóisialaigh, na liúntais agus na pinsin uile atá á bhfáil ag baill teaghlaigh ☐

Cóip den chomhaontú idirscartha/colscartha don bheirt iarratasóirí, nuair is infheidhmithe ☐
[Caithfidh an comhaontú sainaithint a dhéanamh ar na nithe seo a leanas

- An méid cothabhála atá á fháil nó atá á íoc ag an iarratasóir
- Na himthosca faoina bhféadfar na híocaíochtaí cothabhála a stopadh
- Nach bhfuil aon choinníollacha dochraideacha ann]

Mura bhfuil comhaontú ann, caithfear litir ó aturnae an iarratasóra a áireamh leis an iarratas ☐
[Ba cheart don litir na nithe seo a leanas a dhearbhú

- Nach bhfuil aon chomhaontú idirscartha foirmiúil ann
- Nach bhfuil aon imeachtaí cúirte ar feitheamh faoin reachtaíocht dlí teaghlaigh
- An staid maidir le cothabháil agus íocaíochtaí eile]

Fianaise ar íocaíochtaí le 12 mí anuas, gan briseadh, má íocann tú nó má fhaigheann tú cothabháil ☐

Foirm HPL1 ó na Coimisinéirí Ioncaim ☐

Más rud é go raibh talamh/maoin agat nó ag aon bhall teaghlaigh roimhe seo, ba chóir doiciméadúchán/mionnscríbhinn a sholáthar maidir leis an gcaoi a diúscraíodh na fáltais ó dhíol na talún/maoine ☐

Mura bhfuil tú i do chónaí i limistéar an údaráis áitiúil ina bhfuil tacaíocht tithíochta á lorg agat, tabhair fianaise le do thoil ar do cheangal áitiúil leis an limistéar sin ☐

## IARRATAS AR THACAÍOCHT TITÍOCHTA SÓISIALTA

## SEICLIOSTA D'IARRATASÓIRÍ [Ar leanúint]

**Moltar go láidir d'iarratasóirí a n-iarratais a chur faoi bhráid na hoifige seo go pearsanta toisc gur minic nach mbíonn iarratais a sheoltar tríd an bpost comhlánaithe i gceart agus caitear iad a sheoladh ar ais.**

**Cinntigh le do thoil go n-áirítear an doiciméadúchán bunaidh seo a leanas [bíonn aistriúchán oifigiúil go Gaeilge nó go Béarla ag teastáil, nuair is cuí] le d'iarratas:**

Más rud é go raibh tú féin nó aon bhall teaghlaigh i bhur dtionónta d'údarás áitiúil, cuir litir ar fáil le do thoil ón údarás áitiúil inar chónaigh tú nó inar chónaigh an ball teaghlaigh a leagann amach sonraí maidir leis an tionóntacht roimhe seo. Ba chóir go mbeadh téarma na tionóntachta, an chúis fágála, riaráistí, s.rl. áirithe sa litir seo. ☐

Más mian leat iarratas a dhéanamh ar theach tuaithe aonair nó ar áitreabh indíghléasta, áirigh an doiciméadúchán tionlacain riachtanach le do thoil ☐

Má tá iarratas á dhéanamh ar chúiseanna liachta, cuir isteach na nithe seo a leanas le do thoil

- Deimhniú ó chomhairleach a shonraíonn an cineál reachta míochaine nó míchumais agus a dhéanann cur síos ar cibé an riocht meathlúcháin atá nó nach bhfuil i gceist ☐

- Tuarascáil ó theiripeoir saothair maidir le haon riachtanais chóiríochta shonracha ☐

Ní mór doiciméadúchán a sholáthar don údarás áitiúil

| **Údarás Tithíochta Uimh. Thagartha:** | |
|---|---|

Freagair na ceisteanna UILE le do thoil agus cuir tic ( ✓) sna boscaí atá curtha ar fáil. Bain úsáid as **BLOCLITREACHA** le do thoil.

## CUID 1 – SONRAÍ PEARSANTA

**[Cuir tic más Iarratas Comhpháirteach atá i gceist]** ☐

Comhlánaigh an méid seo a leanas le do thoil maidir leat féin agus le hIarratasóir 2: céile/páirtí (más infheidhmithe).

| **SONRAIGH LE DO THOIL:** | | **IARRATASÓIR 2: CÉILE/PÁIRTÍ** |
|---|---|---|
| | | Figiúirí Litreacha |
| Uimhir P.S.P. | | |
| Céad ainm(neacha) | | |
| Sloinne | | |
| Sloinne breithe [más difriúil] | | |
| Seoladh reatha | | |
| Cé chomh fada atá tú ag maireachtáil ag an seoladh seo? | ☐ ☐ | Blianta ☐ Míonna ☐ |
| Sloinne breithe na máthar | | |
| Uimh. Teileafóin/Fón Póca | | |
| Dáta Breithe [ll/mm/bb] [Ceangail teastais bhreithe] | __ __ / __ __ / __ __ | __ __ / __ __ / __ __ |
| Inscne | ☐ ☐ | ☐ Fireann ☐ Bainean |
| Uimh. Slándála Sóisialaí [más infheidhmithe] leis an tír lena mbaineann sí | | |
| Seoladh r-phoist | | Sonraigh an gaol atá idir Iarratasóir 2 agus an tIarratasóir. |
| Más mian leat eolas a fháil trí mheán r-phoist, cuir tic sa bhosca | ☐ | |

## CUID 2 – SONRAÍ NÁISIÚNTACHTA

Comhlánaigh an méid seo a leanas le do thoil maidir leat féin agus le hIarratasóir 2: céile/páirtí (más infheidhmithe).

| **SONRAIGH LE DO THOIL:** | **IARRATASÓIR** | **IARRATASÓIR 2: CÉILE/PÁIRTÍ** |
|---|---|---|
| Áit agus/nó Tír Bhreithe | | |
| Gnáth-theanga labhartha | | |
| Stádas saoránachta<br>[ceangail cruthúnas saoránachta] | ☐ Éireannach ☐ LEE eile[1] ☐ Neamh-LEE | ☐ Éireannach ☐ LEE eile[1] ☐ Neamh-LEE |
| *Murab ionann tú agus náisiúnach LEE:* | | |
| (i) cúis maidir le fanacht in Éirinn<br>[ceangail cóip de chead cónaitheachta] | | |
| (ii) dáta ar sroicheadh Éire [ll/mm/bb] | ___ / ___ / ___ | ___ / ___ / ___ |

[1] Cuir tic sa bhosca seo más saoránach de bhallstát AE, den Íoslainn, de Lichtinstéin, den Iorua nó den Eilbhéis tú. Is ballstáit den AE iad na tíortha seo a leanas: An Ostair, An Bheilg, An Bhulgáir, An Chipir, Poblacht na Seice, An Danmhairg, An Eastóin, An Fhionlainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ghréig, An Ungáir, Poblacht na hÉireann, An Iodáil, An Laitvia, An Liotuáin, Lucsamburg, Málta, An Ísiltír, An Pholainn, An Phortaingéil, An Rómáin, An tSlóvaic, An tSlóivéin, An Spáinn, An tSualainn, an Ríocht Aontaithe.

## CUID 3 – SONRAÍ PÓSTA

Comhlánaigh an méid seo a leanas le do thoil maidir leat féin agus le hIarratasóir 2: céile/páirtí (más infheidhmithe).

| | IARRATASÓIR | | IARRATASÓIR 2: CÉILE/PÁIRTÍ | |
|---|---|---|---|---|
| Cé acu díobh seo a bhaineann leat? | ☐ Singil | ☐ Baintreach | ☐ Singil | ☐ Baintreach |
| | ☐ Pósta | ☐ Colscartha | ☐ Pósta | ☐ Colscartha |
| | ☐ Páirtí Sibhialta | ☐ Idirscartha | ☐ Páirtí Sibhialta | ☐ Idirscartha |
| | ☐ Comhchónaí | ☐ Idirscartha Go Dlíthiúil | ☐ Comhchónaí | ☐ Idirscartha Go Dlíthiúil |
| | ☐ Eile | | ☐ Eile | |
| Dáta an Phósta [ll/mm/bb]<br>[ceangail deimhniú pósta] | __ __ / __ __ / __ __ | | __ __ / __ __ / __ __ | |

## CUID 4 – SONRAÍ FOSTAÍOCHTA

Comhlánaigh an méid seo a leanas le do thoil maidir leat féin agus le hIarratasóir 2: céile/páirtí (más infheidhmithe).

| | IARRATASÓIR | IARRATASÓIR 2: CÉILE/PÁIRTÍ |
|---|---|---|
| Stádas Fostaíochta | ☐ Fostaithe [Lán nó Páirtaimseartha] | ☐ Fostaithe [Lán nó Páirtaimseartha] |
| | ☐ Féinfhostaithe | ☐ Féinfhostaithe |
| | ☐ Fostaithe i Scéim um Fhilleadh ar an Obair / FÁS | ☐ Fostaithe i Scéim um Fhilleadh ar an Obair / FÁS |
| | ☐ Dífhostaithe [ag fáil sochair phobail/ leasa] | ☐ Dífhostaithe [ag fáil sochair phobail/ leasa] |
| | ☐ Pinsinéir / Ar Scor | ☐ Pinsinéir / Ar Scor |
| | ☐ Tacaíocht Aontuismitheora amháin | ☐ Tacaíocht Aontuismitheora amháin |
| | ☐ Teaghlachóir (gan ioncam] | ☐ Teaghlachóir (gan ioncam] |
| | ☐ Dalta | ☐ Dalta |
| | ☐ Eile | ☐ Eile |
| Ainm an fhostóra [sa chás go bhfuil tú féinfhostaithe, tabhair ainm na cuideachta] | | |
| Seoladh an Fhostóra [sa chás go bhfuil tú féinfhostaithe, tabhair seoladh na cuideachta le do thoil] | | |
| Slí Bheatha | | |
| Stádas fostaíochta [m.sh. buan: lánaimseartha/páirtaimseartha] | | |
| Dáta tosaithe sa bhfostaíocht reatha [ll/mm/bb] | __ \| __ \| __ | __ / __ / __ |

## CUID 5 – SONRAÍ AR IONCAM SEACHTAINIÚIL

Comhlánaigh an méid seo a leanas le do thoil maidir leat féin agus le hIarratasóir 2: céile/páirtí (más infheidhmithe).

**SONRAIGH LE DO THOIL OLLIONCAM SEACHTAINIÚIL Ó:**
**[Ba chóir do dhoiciméadúchán ábhartha gabháil le gach foinse ioncaim .i. teastas leasa sóisialaí, P60, duillíní pá]**

| | IARRATASÓIR | IARRATASÓIR 2: CÉILE/PÁIRTÍ |
|---|---|---|
| Fostaíocht | € | € |
| Féinfhostaíocht | € | € |
| **Leas Sóisialach**<br>- Cineál(acha) Íocaíochta | | |
| - leas sóisialach [Iomlán] | € | € |
| Cothabháil faighte [más infheidhmithe] | € | € |
| Foinsí eile ioncaim | € | € |
| Sonraigh le do thoil | | |
| **Asbhaintí Seachtainiúla** | | |
| ÍMAT | € | € |
| ÁSPC | € | € |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | € | € |
| Eile [m.sh. íocaíochtaí cothabhála] | € | € |
| Sonraigh le do thoil | | |

Ní mór doiciméadúchán a sholáthar don údarás áitiúil

## CUID 6 – SONRAÍ AR BHAILL TEAGHLAIGH EILE ATÁ AG LORGCÓIRÍOCHTA [i.e. gan an tIarratasóir agus Iarratasóir 2 san áireamh: Céile / Páirtí]

**BALL TEAGHLAIGH EILE 1**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Uimhir P.S.P. | Figiúirí ☐☐☐☐☐☐☐ Litreacha ☐☐ | Inscne | ☐ Fireann ☐ Baineann |
| Céad ainm(neacha) | | Stádas Pósta | |
| Sloinne | | Sloinne breithe na máthar | |
| Sloinne breithe [más difriúil) | | Gaol leis an iarratasóir | |
| Dáta Breithe [ll/mm/bb] [Ceangail teastas breithe] | __ __ / __ __ / __ __ | Saoránacht | ☐ Éireannach ☐ LEE eile[1.] ☐ Neamh-LEE |
| Tír Bhreithe | | Cúis le Fanacht | ☐ Teifeach ☐ Cead cónaithe in Éirinn ☐ Stádas Cosanta Coimhdí |
| An cleithiúnaí é/í an ball teaghlaigh? | ☐ Is ea ☐ Ní hea | An iarratasóir comhpháirteach é/í an ball teaghlaigh? | ☐ Is ea ☐ Ní hea |

**STÁDAS FOSTAÍOCHTA**

| | | |
|---|---|---|
| ☐ Fostaithe [lán nó páirtaimseartha] | ☐ Dífhostaithe [ag fáil sochair phobail/ leasa] | ☐ Teaghlachóir (gan ioncam] |
| ☐ Féinfhostaithe | ☐ Pinsinéir / Ar Scor | ☐ Mac léinn/Leanbh |
| ☐ Fostaithe i Scéim um Fhilleadh ar an Obair/FÁS | ☐ Tacaíocht Aontuismitheora amháin | |
| ☐ Eile, sonraigh le do thoil | | |

Ioncam seachtainiúil €

## CUID 6 – SONRAÍ AR BHAILL TEAGHLAIGH EILE ATÁ AG LORG CÓIRÍOCHTA [i.e. gan an tIarratasóir agus Iarratasóir 2 san áireamh: Céile/Páirtí]

**BALL TEAGHLAIGH EILE 2**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Uimhir P.S.P. | Figiúirí ☐☐☐☐☐☐☐ Litreacha ☐☐ | Inscne | ☐ Fireann ☐ Baineann |
| Céad ainm(neacha) | | Stádas Pósta | |
| Sloinne | | Sloinne breithe na máthar | |
| Sloinne breithe [más difriúil) | | Gaol leis an iarratasóir | |
| Dáta Breithe [ll/mm/bb] [Ceangail teastas breithe] | __ __ / __ __ / __ __ | Saoránacht | ☐ Éireannach ☐ LEE eile[1.] ☐ Neamh-LEE |
| Tír Bhreithe | | Cúis le Fanacht | ☐ Teifeach ☐ Cead cónaithe in Éirinn ☐ Stádas Cosanta Coimhdí |
| An cleithiúnaí é/í an ball teaghlaigh? | ☐ Is ea ☐ Ní hea | An iarratasóir comhpháirteach é/í an ball teaghlaigh? | ☐ Is ea ☐ Ní hea |

**STÁDAS FOSTAÍOCHTA**

☐ Fostaithe [lán nó páirtaimseartha]
☐ Dífhostaithe [ag fáil sochair phobail/ leasa]
☐ Teaghlachóir (gan ioncam]
☐ Féinfhostaithe
☐ Pinsinéir / Ar Scor
☐ Mac léinn/Leanbh
☐ Fostaithe i Scéim um Fhilleadh ar an Obair/FÁS
☐ Tacaíocht Aontuismitheora amháin
☐ Eile, sonraigh le do thoil

Ioncam seachtainiúil €

**Déan cóip den bhileog seo le do thoil do bhaill teaghlaigh bhreise.**

[1.] Féach fonóta 1 ar leathanach 5 le do thoil

## CUID 7 – IARRATAS AR CHÓIRÍOCHT AR CHÚISEANNA LIACHTA NÓ MÍCHUMAIS

I dtacú le d'iarratas ar chúiseanna míochaine, soláthar na sonraí seo a leanas le thoil:

| | |
|---|---|
| Ainm[neacha] na mball teaghlaigh le riocht míochaine nó atá faoi mhíchumas. | |
| Cineál an reachta míochaine nó míchumais agus cur síos ar cibé acu an riocht meathlúcháin atá nó nach bhfuil i gceist: [Teastas an chomhairligh le cur faoi bhráid i dtacú leis an iarratas] | |
| Nuair is infheidhmithe, an cineál cóiríochta [m.sh. leibhéal talún], agus aon oiriúnaithe sonracha atá ag teastáil don riocht míochaine/mhíchumas: [Tuarascáil an teiripeora saothair le cur faoi bhráid i dtacú leis in iarratas] | |

## CUID 8 – BUNÚS LE hAGHAIDH IARRATAIS AR BHAILE ÁTHA CLIATH

Léirigh anseo thíos le do thoil an bunús le d'iarratas ar BHAILE ÁTHA CLIATH :
[Níor chóir ach tic a chur i mbosca amháin]

☐ Cónaíonn an teaghlach i limistéar an údaráis tithíochta de ghnáth.

NÓ

☐ Tá ceangal áitiúil ag an teaghlach le limistéar an údaráis tithíochta.

Sonraigh an cineál ceangail áitiúil le do thoil [féach pointe 11 den Eolas Tábhachtach ag tús na foirme iarratais].

| |
|---|
| |

NÓ

☐ Ba chóir don údarás tithíochta breithniú a dhéanamh ar an iarratas maidir le tacaíocht tithíochta sóisialta ar an gcúis(na cúiseanna)
seo a leanas:

| |
|---|
| |

## CUID 9 – CÓIRÍOCHT REATHA

### Céard í an fhadhb le do chóiríocht reatha?

- [ ] Mí-oiriúnach
- [ ] Plódaithe
- [ ] Díshealbhú/Fógra Fágála
- [ ] Roinnt áiseanna go neamhdheonach
- [ ] Méadú cíosa
- [ ] Dóiteán/damáiste eile
- [ ] Cúiseanna míochaine
- [ ] Áras Tuismitheora/ Teaghlaigh [roinnt neamhdheonach]
- [ ] Níl ábalta cóiríocht a sholáthar ó d'acmhainní féin
- [ ] Gan dídean [tabhair sonraí thíos]
- [ ] Eile [tabhair sonraí]

**Cén cineál cóiríochta ina bhfuil tú anois? Cuir tic sa bhosca agus déan cur síos.**

- [ ] Teach
- [ ] Teach Soghluaiste
- [ ] Cóiríocht Idirthréimhseach
- [ ] An tOspidéal
- [ ] Teachín
- [ ] Teaghasán
- [ ] Tigín
- [ ] Instiitúid
- [ ] Árasán
- [ ] Teach Lae
- [ ] Leaba agus Bricfeasta
- [ ] Tearmann
- [ ] Árasán
- [ ] Grúpthithíocht
- [ ] Brú
- [ ] Príosún
- [ ] Carbhán
- [ ] Láithreán Stad
- [ ] Scáthchóiríocht
- [ ] Dada/Eile

Cur síos, m.sh. leathscoite, scoite, sraithe, bungaló, s.rl.

Tabhair treoracha le do thoil chuig do chóiríocht reatha:

**Cuir in iúl na háiseanna atá ar fáil dod' theaghlach ina chóiríocht reatha le do thoil:**

- [ ] Cistin
- [ ] Seomra suí
- [ ] Seomra folctha
- [ ] Leithreas
- [ ] Seomra codlata – sonraigh méid
- [ ] Téamh Lárnach
- [ ] Soláthar uisce - FUAR
- [ ] Soláthar uisce – TE

**Cineál Tionachta Reatha**

- [ ] Teaghlach Príobháideach
  - [ ] Úinéir-áititheoir
  - [ ] Le tuismitheoirí
  - [ ] Le gaolta/cairde
- [ ] Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos [má chuireann tú tic sa bhosca cinntigh le do thoil go gcomhlánaíonn tú na codanna ábhartha thíos]
  - [ ] gan forlíonadh cíosa
  - [ ] le forlíonadh cíosa, sonraigh an méid in aghaidh na seachtaine €
    An dáta ar tosaíodh an íocaíocht forlíonta cíosa ag an seoladh reatha [ll/mm/bb] __ __ / __ __ / __ __
- [ ] Cóiríocht ar Cíos ó Údarás Áitiúil
- [ ] Scéim um Chóiríocht ar Cíos
- [ ] Cóiríocht Dheonach/Chomhoibríoch ar Cíos
- [ ] Cóiríocht Éigeandála/Dada
- [ ] Eile, tabhair sonraí

**Eolas Cíosa**

Dáta tosaithe na tionóntachta, má tá cóiríocht ar cíos agat [ll/mm/bb] __ __ / __ __ / __ __

Cíos seachtainiúil €

Ní mór doiciméadúchán a sholáthar don údarás áitiúil

## CUID 10 – STAIR CHÓIRÍOCHTA

**Tabhair sonraí le do thoil ar chóiríocht le cúig bliana anuas (más infheidhmithe]**

| Seoladh | Cineál Tionachta | Dáta ag an seoladh Ó | Go | Cúis fágála |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**Eolas faoi aon chóiríocht de chuid údaráis áitiúil/comhlachta faofa/Scéime Cóiríochta ar Cíos [RAS]**

Tabhair sonraí le do thoil, lena n-áirítear dátaí agus fad tionóntachta, maidir le haon teaghais nó láithreán arna sholáthar ag údarás tithíochta, nó ag comhlacht faofa, a ligeadh nó a díoladh leis an teaghlach nó le haon bhall teaghlaigh ag tráth ar bith roimhe seo. [Ba chóir litir ón údarás áitiúil ina raibh tú féin nó aon bhall teaghlaigh i bhur dtionónta a sholáthar i ndáil le haon tionóntacht roimhe seo]

Tabhair sonraí le do thoil, lena n-áirítear dátaí agus fad tionóntachta, maidir le haon teaghais a ligeadh don teaghlach nó d'aon bhall teaghlaigh roimhe seo faoi chomhaontú tionóntachta de chuid na **Scéime Cóiríochta ar Cíos [RAS]** ag tráth ar bith sula ndearnadh an t-iarratas.

Ní mór doiciméadúchán a sholáthar don údarás áitiúil

## CUID 11 – EOLAS AR MHAOIN/THALAMH EILE

| Maoine Eile | IARRATASÓIR | | BALL TEAGHLAIGH EILE | |
|---|---|---|---|---|
| An bhfuil tú féin nó aon bhall teaghlaigh i bhur n-úinéirí ar nó an bhfuil leas airgeadais agaibh i maoin in Éirinn nó in aon tír eile? | ☐ Tá | ☐ Níl | ☐ Tá | ☐ Níl |
| Más maoin atá i gceist, an bhfuil sí folamh? | ☐ Tá | ☐ Níl | ☐ Tá | ☐ Níl |
| Sonraigh le do thoil seoladh na maoine nó na talún: | | | | |
| An raibh tú féin nó aon ball teaghlaigh i bhur n-úinéirí ar nó an raibh leas airgeadais agaibh riamh i maoin/i dtalamh in Éirinn nó in aon tír eile? | ☐ Bhí | ☐ Ní raibh | ☐ Bhí | ☐ Ní raibh |
| Má 'Bhí', sonraigh le do thoil seoladh na maoine nó na talún: | | | | |
| An méid a fuair tú as aon chuid den mhaoin nó den talamh a dhiúscairt [Cuir doiciméadúchán/mionnscríbhinn faoi bhráid le do thoil maidir leis an gcaoi a diúscraíodh na fáltais ó dhíol na talún/maoine.] | | | | |
| Aon eolas ábhartha eile | | | | |

## CUID 12 – CIONTA MAIDIR LE hORD POIBLÍ AGUS EOLAS EILE

### Cionta maidir le hOrd Poiblí

Faoi Alt 14 d'Acht na dTithe [Forálacha Ilghnéitheacha] 1997, is féidir le húdarás tithíochta leithdháileadh teaghaise do dhuine a dhiúltú nó a chur siar má mheasann an t-údarás go bhfuil nó go raibh an duine gafa le hiompar frithshóisialta nó nach mbeadh leithdháileadh ar an duine sin ar mhaithe le bainistíocht eastáit mhaith.

Sa tréimhse 5 bliana roimh dháta an iarratais seo, ar ciontaíodh **aon bhall** teaghlaigh i ndáil le cion faoi na forálacha reachtúla seo a leanas?

1. An tAcht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994
   Cuid 5: Iompar mí-ordúil in áit phoiblí
   Cuid 6: Iompraíocht bhagrach, mhaslach nó tharcaisneach in áit phoiblí
   Cuid 7: Ábhar atá bagrach, maslach, tarcaisneach nó graosta a dháileadh nó a chur ar taispeáint in áit phoiblí.
   Cuid 14: Círéib
   Cuid 15: Mí-ord foréigneach, nó
   Cuid 19: Ionsaí nó bac ar oifigeach síochána nó ar phearsanra na seirbhísí éigeandála

   ☐ Ciontaíodh ☐ Níor ciontaíodh

   Má 'Ciontaíodh', tabhair sonraí le do thoil: [lena n-áirítear ainm, seoladh agus sonraí ar an gciontú]

2. Codanna 3,3A agus 4 d'Acht na dTithe [Forálacha Ilghnéitheacha], 1997: ábhar d'ordú eisiamh nó d'ordú eisiamh eatramhach ☐ Ciontaíodh ☐ Níor ciontaíodh

   Má 'Ciontaíodh', tabhair sonraí le do thoil:
   [lena n-áirítear ainm, seoladh agus sonraí ar an ordú eisiamh/ordú eisiamh eatramhach]

3. Alt 117 den Acht um Cheartas Coiriúil 2006:
   mainneachtain ordachán iompraíochta a chomhlíonadh. ☐ Ciontaíodh ☐ Níor ciontaíodh

   Má 'Ciontaíodh', tabhair sonraí le do thoil:
   [lena n-áirítear ainm, seoladh agus sonraí ar an gciontú]

4. Alt 257F d'Acht na Leanaí 2001[Uimh. 24 de 2001]:
   mainneachtain ordachán iompraíochta a chomhlíonadh. ☐ Ciontaíodh ☐ Níor ciontaíodh

   Má 'Ciontaíodh', tabhair sonraí le do thoil: [lena n-áirítear ainm, seoladh agus sonraí ar an gciontú]

### Eolas Eile

An ndearna tú, nó aon duine eile liostaithe ar an bhfoirm iarratais seo, suiteoireacht riamh i dteaghais de chuid údaráis áitiúil? ☐ Rinne ☐ Ní dhearna

Má 'Rinne', sonraigh seoladh agus dátaí áitíochta le do thoil

Seoladh:

Tréimhse áitíochta:
Ó [ll/mm/bb]: Go [ll/mm/bb]:

Ar díshealbhaíodh tú, nó aon duine eile liostaithe ar an bhfoirm iarratais seo, ó chóiríocht riamh? ☐ Díshealbhaíodh ☐ Níor díshealbhaíodh

Má 'Díshealbhaíodh', tabhair sonraí agus an chúis maidir leis an díshealbhú le do thoil:
[má bhíonn a thuilleadh spáis uait, ceangail leathanach eile]

## CUID 13 – RIACHTANAIS TITHÍOCHTA

**Léirigh le do thoil an cineál tacaíochta tithíochta sóisialta a bhfuil tú ag déanamh iarratais air:**

- ☐ Ar Cíos ó Údarás Áitiúil Cóiríocht
- ☐ Áitreabh Tuaithe Aonair – [féach thíos]
- ☐ Áitreabh Indíghléasta – [féach thíos]
- ☐ Scéim Cóiríochta ar Cíos
- ☐ Oibreacha feabhsúcháin in ionad tithíocht údaráis áitiúil
- ☐ Síneadh le Teach LA
- ☐ Tithíocht Dheonach/Chomhoibríoch
- ☐ Tithíocht do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu
- ☐ Aistriú – cuir uimhir an chuntais chíosa san áireamh
- ☐ Bá Láithreáin Stad don Lucht Siúil
- ☐ Grúpthithíocht don Lucht Siúil
- ☐ Cóiríocht i mbungaló
- ☐ Láithreán do Theach Príobháideach

**Tithe Tuaithe Aonair**

Ainm agus Seoladh de chuid Úinéir an Láithreáin Bheartaithe

[lena n-áirítear baile fearainn]

Suíomh Cruinn

Tabhair faoi deara: Ní mor don láithreán atá le haistriú a bheith glan ó aon ualaí, airgeadais nó eile. Ní mór iad seo a leanas

a sholáthar:

1. Fianaise dlí ar cheart slí don údarás teacht ar na tailte ón mbóthar poiblí is cóngaraí.
2. Sonraí ar na tailte uile faoi do chuid úinéireachta, lena n-áirítear doiciméadúchán teidil nó mionnscríbhinn sínithe ó aturnae a dheimhníonn go bhfuil na tailte cláraithe faoi d'úinéireacht nó faoi úinéireacht an duine atá ag soláthar an láithreáin.
3. Dearbhú intinne scríofa go n-aistreofar an láithreán chuig an t-údarás tithíochta saor in aisce.
4. Glacadh scríofa uaitse [nó ó úinéir na dtailte] go bhfuil an cinneadh deireanach maidir le suíomh an teachín bheartaithe ar na tailte, ag glacadh leis go gcáilíonn tú le haghaidh tacaíochta tithíochta sóisialta, faoi rogha iomlán an údaráis tithíochta.
5. Aon doiciméid eile, cosúil le léarscáileanna de shuíomh an láithreáin/leagain amach, arna iarradh ag an údarás maidir leis an iarratas.

**Áitreabh Indíghléasta**

Ainm agus Seoladh de chuid Úinéir an Láithreáin Bheartaithe [lena n-áirítear baile fearainn]

Ní mór iad seo a leanas a sholáthar:

1. Litir ó úinéir an láithreáin a dheimhníonn go bhfuil sé/sí toilteanach ceadú d'aonad indíghléasta ar an talamh.
2. Cóip den léarscáil láithreáin.

Suíomh Cruinn

Ní mór doiciméadúchán a sholáthar don údarás áitiúil

**Caithfear doiciméid tacaíochta a chur ar fáil don Údarás Áitiúil.**

## CUID 14 – DO ROGHA LIMISTÉIR 2.

**Cuir tic led' thoil sna limistéir, laistigh den údarás tithíochta ina nglacfá le tairiscint cóiríochta.**

Is féidir uasmhéid de 3 limistéar a roghnú ón liosta seo a leanas. Tabhair faoi deara nach ionann liostú na limistéar roghnaithe ar an bhfoirm iarratais agus liostáil tosaíochta, sé sin go bhfuil an tosaíocht chéanna ag gach limistéar a shonraítear ar an bhfoirm seo.

**[Tabhair faoi deara go bhfuil tú tiomanta do na limistéir roghnaithe seo ar feadh 12 mí].**

| **Comhairle Contae Átha Cliath Theas** | **Comhairle Contae Fine Gall** | **Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin** |
|---|---|---|
| ☐ Taobh ó Thuaidh de Bhóthar an Náis | ☐ Baile Brigín | ☐ Baile an tSaoir / Baile Uí Ógáin |
| ☐ Taobh ó Dheas de Bhóthar an Náis | ☐ Baile Bhlainséir | ☐ An Baile Breac / Seanchill |
| | ☐ Mullach Íde / Binn Éadair | ☐ An Charraig Dhubh /Stigh Lorgan |
| | ☐ Sord | ☐ Dún Laoghaire /Deilginis |
| **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath** | **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath** | **Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath** |
| ☐ Limistéir B: Ard Aidhin, Coill an Phrióra, An Chúlóg, Domhnach Cearna, Cill Easra, Ráth Eanaigh, Darndál, An Chill Mhór, Beaumont, Domhnach Míde, Éadan Mór, Marino, Cluain Tarbh, Cill Bharróg | ☐ Limistéir J: Baile Formaid, An Cloigín Gorm, Séipéal Iosóid, Inse Chór | ☐ Limistéir N: Raghnallach, Crois Araild, Ráth Maonais, Tír an Iúir |
| ☐ Limistéir D: Baile Munna, Crann Phapáin | ☐ Limistéir K: Cromghlinn, Baile Bháilcín, Camaigh, Droimeanach | ☐ Limistéir P: Sráid an Teampaill, Cé Urumhan, Sráid an Rí Thuaidh, Gairdíní Uí Dhuibheannaig h, Stáid na Seansaireachta |
| ☐ Limistéir E: Baile an Ásaigh, Ascaill an Chiardhuibh, Seantrabh, An Halla Bán, An Chabrach, Fionnghlas, Glas Naíon | ☐ Limistéir L: Clann Bhreasail, An Com/Maryland, Cill Mhaighneann, Charlemount, Sráid Eabhrac, Rialto, Sráid San Seamas, Cé Uiséir, An Carnán | |
| ☐ Limistéir H: An Baile Bocht, Baile Phib, Sráid Dorset/Sráid Dhoiminic, An Port Thoir, An Trá Thuaidh, Cnoc an tSamhraidh, Sráid an | ☐ Limistéir M: Cé na Cathrach, An Rinn, An Baile Gaelach, Domhnach Broc, Stáid an Mhóta, Sráid an Phiarsaigh | |

## CUID 15 – EOLAS EILE

Tabhair aon eolas eile a cheapann tú a bhaineann le d'iarratas le do thoil.

[má bhíonn a thuilleadh spáis uait, ceangail leathanach eile]

| |
|---|
| |

2. Ní mór do theaghlach atá ag déanamh iarratais ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó ar Chomhairle Contae nó Baile, a chónaíonn i limistéar feidhme an údaráis sin de ghnáth nó a bhfuil ceangal áitiúil aige leis, limistéar amháin ar a laghad sa limistéar feidhme sin ina nglacfadh sé le tairiscint ar thacaíocht tithíochta sóisialta a shonrú. Is féidir le teaghlach dá leithéid limistéir roghnaithe a shonrú i limistéir feidhme de chuid údarás tithíochta eile sa chontae ábhartha freisin [lena n-áirítear Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ach ní Comhairlí Cathrach Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh ná Phort Láirge]. Sa chomhthéacs seo, is féidir le teaghlach atá ag déanamh iarratais ar údarás tithíochta i dTiobraid Árainn limistéir roghnaithe a shonrú i limistéir feidhme de chuid údarás tithíochta eile ar fud na tíre.

Ní féidir le teaghlach atá ag déanamh iarratais ar

(a) Comhairle Cathrach seachas Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, nó

(b) údarás tithíochta atá toilteanach breithniú a dhéanamh ar a iarratas, cé nach gcónaíonn an teaghlach ina limistéar feidhme de gnáth, agus nach bhfuil ceangal áitiúil ar bith aige leis,

ach limistéir atá i limistéar feidhme de chuid údarás tithíochta an iarratais a shonrú.

[iii] [Cuir isteach ainm de chuid údarás tithíochta an iarratais]
[iv] [Cuir isteach ainm de chuid údarás tithíochta amháin sa chontae ábhartha inar féidir leis an teaghlach rogha limistéar a shonrú [Nuair atá níos mó ná dhá údarás tithíochta sa chontae ábhartha, ba chóir don údarás áitiúil an tábla seo aleathnú]].
[v] [Cuir isteach ainm an limistéir roghnaithe]

## STAMPA HPL1

**Tugaim toiliú do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisinéir Ioncaim thar mo cheann / ar ár son chun Stampa HPL1 a fháil.**

| | | |
|---|---|---|
| **Sínithe: [Iarratasóir]** | | **Dáta: [dd/mm/yy]** |
| **Sínithe: [Iarratasóir 2:<br>Céile / Comhpháirtí]** | | **Dáta: [dd/mm/yy]** |

# IARRATAS AR THACAÍOCHT TITHÍOCHTA SÓISIALTA

## DEARBHÚ

**Léigh an dearbhú seo go cúramach le do thoil agus cuir síniú agus dáta leis nuair atá tú sásta go dtuigeann tú é. Tabhair faoi deara le do thoil nach nglacfar le hiarratais go dtí go bhfuil an dearbhú seo sínithe.**

**Bailiú agus Úsáid Sonraí**

Bainfidh an t-údarás tithíochta úsáid as na sonraí arna soláthar agat chun d'iarratas tithíochta a mheas agus a riar. D'fhéadfaí sonraí a roinnt le comhlachtaí poiblí eile ar mhaithe le calaois a chosc nó a bhrath. D'fhéadfadh an t-údarás tithíochta, i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil, na sonraí seo a phróiseáil chun críocha taighde lena n-áirítear i bpleanáil chun cinn maidir leis an measúnú ar riachtanais tithíochta.

D'fhéadfadh an t-údarás tithíochta, chun críocha a chuid feidhmeanna faoi na hAchtanna Tithíochta 1966 - 1998, eolas a lorg agus a ghnóthú ó údarás tithíochta eile, ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, ón nGarda Síochána, ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) nó ó chomhlacht tithíochta faofa, maidir le háititheoirí nó áititheoirí ionchais de, nó iarratasóirí ar, thithíocht údaráis áitiúil, agus duine ar bith eile a cheapann an t-údarás atá i mbun iompair frithshóisialta.

**Dearbhú**

Dearbhaím/Dearbhaímid go bhfuil an t-eolas agus na sonraí atá tugtha agam/againn ar an iarratas seo fíor agus ceart.

Geallaim/Geallaimid go gcuirfear an tÚdarás Tithíochta ar an eolas i ndáil le haon athrú ar mo/ár gcúinsí (m.sh. seoladh, comhdhéanamh teaghlaigh, fostaíocht, ríochtaí míochaine s.rl.)

Tugaim/Tugaimid údarás freisin don údarás tithíochta cibé fiosrúcháin a mheasann sé a bheith riachtanach a chur i gcrích chun sonraí de chuid m'/ár n-iarratas a fhíorú.

Táim/Táimid feasach gurb ionann soláthar eolais bhréagaigh nó mhíthreoraigh agus cion atá faoi dhliteanas ionchúisimh.

Sínithe: [Iarratasóir] ____________________ Dáta: [ll/mm/bb] __ __ | __ __ | __ __

Sínithe: [Iarratasóir 2: Céile/Páirtí] ____________________ Dáta: [ll/mm/bb] __ __ | __ __ | __ __